- 2 shaotharlann eolaíochta agus seomra ina bhfuil ealaín / ceardaíocht, eacnamaíocht bhaile, teicneolaíocht,
- Seomra léitheoireachta 60 suíochán

- Halla spóirt Corpoideachais
- Aonad Riachtanas Speisialta
- Seomra grúpa, limistéar ceoil agus drámaíochta, seomra reiligiúin le limistéar machnaimh agus oifig séiplíneach, mar aon le hoifigí agus limistéir stórála
- Áiseanna seomra foirne agus riaracháin



Osclaíonn an tAire Heather Humphreys an síneadh nua ag Coláiste Bhréifne go hoifigiúil an 12 Meán Fómhair 2018

Críochnaíodh obair ar athchóiriú agus ar shíneadh suntasach ag Coláiste Mhaodhóg, An Bábhún Buí in 2018 freisin. Seachadadh na hoibreacha seo:

- Dhá sheomra ranga breise
- Áiseanna leithris nua
- Feabhas mór ar fhorhalla agus ar chonairí

Ina theannta sin, rinne an Rannóg Talún agus Foirgneamh roinnt iarratas ar Oibreacha Éigeandála, iarratais ar Dheontas Caipitil Spóirt agus iarratais ar Chóiríocht Bhreise chun cinn. Cuirtear gach iarratas rathúil ar aghaidh trí na céimeanna éagsúla a luaithe is a thugtar cead. D'fhreastail an fhoireann ar oiliúint éagsúla i rith na bliana chun an t-eolas is airde a chinntiú chun riachtanais a gheallsealbhoirí a sheachadadh.


xii. Cumas Eagraíochtúil

Tá na hIonaid / Oifigí Riaracháin rithábhachtach d'oibríochtaí BOOCM. Tá Príomhoifig BOOCM lonnaithe i mBaile Mhuineacháin agus tá Fo-Oifig againn i mBaile an Chabháin. Feidhmíonn na hionaid seo mar mhol do gach ionad agus seirbhís BOOCM. Seachadtar na feidhmeanna Riaracháin trí struchtúr colúin, lena n-áirítear Acmhainní Daonna, Airgeadas, Talamh agus Foirgnimh, Seirbhísí Corparáideacha, Comhlíonadh, Soláthar, TF agus Riarachán Oiliúna.

Is iad spriocanna fhoireann an OSD ná feabhas a chur ar na próisis agus na nósanna imeachta a thacaíonn le dea-rialachas corparáideach i BOOCM agus a chinntiú go n-úsáidtear acmhainní Daonna, Airgeadais agus Bonneagair, atá oiriúnach do sheachadadh na seirbhísí túsline go héifeachtach agus go héifeachtúil ar fud BOOCM.

I rith 2018, cuireadh tús le planáil agus réamhobair roimh aistriú fheidhm phárolla BOOCM go Seirbhísí Oideachais Comhroinnte Oideachais.

Déantar seirbhísí BOOCM a sheachadadh anois trí struchtúr atá dea-fheidhmithe, sruthlínithe mar atá leagtha amach thíos:



Tá an Príomhfeidhmeannach freagrach as bainistíocht feidhmiúcháin BOOCM agus tá freagracht iomlán air as feidhmíocht scoileanna, clár agus ionaid oiliúna. Tá Stiúrthóirí, Príomhoidí, Comhordaitheoirí agus Bainisteoirí na n-ionad seo freagrach as a mbainistiú laethúil.

Tuairisc ar sheachadadh Spriocanna Straitéiseacha 2018

Sprioc Straitéiseach 1: Seachadadh éifeachtach seirbhíse

Gníomhartha	Nuashonrú 2018
1. Áiseanna oideachais a fheabhsú agus a fhorbairt ar fud BOOCM	<p>Tionscadail reatha a thabhairt chun críche.</p> <ul style="list-style-type: none"> Foirgneamh nua Choláiste Dún an Rí. Síneadh mór le Coláiste Bhréifne. Athchóirithe ar Choláiste Mhaodhóg
	<p>Cuireadh tús le pleanáil agus iarratas ar fhaomhadh do thionscadail athchóirithe éagsúla.</p> <p>Forbraíodh áiseanna do Phrintíseachtaí Commis Chef agus Leictreachais.</p> <p>Cuireadh tús le comhairliúchán ar Thionscadal Scoil an Chabháin Thiar.</p>
2. Lámhleabhar Oibríochtaí a fhorbairt do gach réimse oibre chun acmhainní foirne laistigh den BOO a bhainistiú agus a bharrfheabhsú go héifeachtach	<p>Straitéis phleanála comharbais a fhorbairt lena n-áirítear lámhleabhair oibriúcháin chun leanúnachas na Seirbhíse a chinntiú</p> <ul style="list-style-type: none"> Ullmhaíodh céatadán mór de lámhleabhair Le bheith ar fáil ar líne m.sh. SharePoint Nuashonraithe de réir mar is gá ar bhonn rialta
3. Plean Oiliúna Eagraíochtúil a fhorbairt don fhoireann go léir a aithníonn réimsí tosaíochta sonracha.	<p>Comhairliúchán le gach rannóg chun riachtanais oiliúna a aithint. Críochnaíodh suirbhé scileanna do shraith Microsoft Office.</p>
	<p>Eolas a thabhairt don Fhoireann maidir le forbairtí nua, comhlíonadh agus nuashonruithe ar imeachtaí leanúnacha m.sh., Straitéis, GDPR, Slándáil TF. Oiliúint don fhoireann i RGCS, soláthar, aoisliúntas, clár maoine, dlí oideachais críochnaithe agus leanúnach.</p>
	<p>FGL leanúnach - bainistíocht ama, spreagadh agus folláine.</p>
	<p>Tá FGL Gairmiúil Ginearálta maidir le feidhmchláir Microsoft O365 éagsúla curtha i gcrích.</p> <p>Forbraíodh infrastruchtúr chun úsáid tiomána / SharePoint amháin a éascú ag Riarachán.</p>
4. Cairt eagrúcháin le róil agus freagrachtaí gaolmhara	<p>Déantar cairt eagraíochta a nuashonrú go rialta agus a scaipeadh ar gach Scoil / Institiúid agus Ionad</p>
5. Plean Tras-Traenála	<p>Plean le forbairt agus riachtanais reatha agus riachtanais an duine aonair agus na n-eagraíochtaí á gcur san áireamh. Aiseolas a lorg ón bhfoireann nuair a bheidh na lámhleabhair críochnaithe, sainaithe an oiliúint a</p>

	<p>theastaíonn trí anailís mhionsonraithe ar riachtanais scileanna do na rannóga éagsúla.</p>
<p>6. Dea-Rialachas Corparáideach chun cuntasacht a chinntiú.</p>	<p>Bainistíocht Riosca:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Clár riosca ullmhaithe agus athbhreithnithe gach ráithe. • Ceardlanna le Ionadaithe IPB agus Bainistíocht BOO. D'fhreastail scoileanna, BO agus Bainistíocht Riaracháin ar cheardlanna IPB. • D'fhreastail múinteoirí ábhar sainiúil m.sh. Adhmadóireacht agus Miotalóireacht ar cheardlanna IPB. • Iniúchadh ar sheomraí praiticiúla i scoileanna. • Tá Bainistíocht Riosca ar chlár oibre na gCruinnithe Bainistíochta Sinsearaí uile • Tuairisciú agus athbhreithniú ráithiúil, dhá uair sa bhliain agus go bliantúil ag brath ar rátáil riosca. • Clár Riosca Nuashonraithe curtha i láthair ag gach cruinniú Iniúchta. <p>Gach spriocdháta le haghaidh tuairisciú reachtúil agus tuairisciú do ghníomhaireachtaí maoinithe curtha i gcrích.</p> <p>Athbhreithníodh agus críochnaíodh an Beartas Soláthair de réir an teimpléid náisiúnta.</p>
<p>7. Úsáid TFC a fhorbairt i scoileanna</p>	<p>Úsáid leanúnach TFC laistigh de Scoileanna BOOCM agus an Plean Ríomhfhoghlama a chur chun cinn chun aonfhoirmeacht an chineáil trealaimh agus na cáilíochta a chinntiú. Infheistíocht leanúnach i bhfeistí nua agus uasghrádú feistí go Windows 10</p> <p>Infheistíocht i gCrua-earraí agus infreastruchtúr TF i ngach scoil, maoinithe ag an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna ó ROS Uasghrádú ar Wi-Fi uile na scoile, faoi láthair tá os cionn 550 Point Rochtana Gan Sreang á mbainistiú ag gach ionad BOOCM. Infheistíocht i ngléasanna múinteoirí soghluaiste</p>

Spríoc Straitéiseach 2: Cumarsáid BOOCM a fhorbairt

Gníomhartha	Nuashonrú 2018
1. Córais chumarsáide agus faisnéise inmheánaí éifeachtach.	<p>Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr inmheánach cumarsáide chun an úsáid is fearr a bhaint as an acmhainn TF reatha chun malartú faisnéise a éascú. Cruinnithe bainistíochta níos rialta - cruinnithe seachtainiúla Stiúrthóirí, cruinnithe Cheann Rannóige gach 6/8 seachtaine.</p> <p>Tuairiscíonn Ceannairí na Rannóige don Fhoireann maidir le saincheisteanna suntasacha.</p> <p>Bonneagar forbartha chun úsáid Microsoft Office 365 Teams/OneDrive/ SharePoint a éascú don Riarachán.</p>
2. Straitéis chumarsáide éifeachtach a dhéanfaidh próifíl ar sheirbhísí BOOCM laistigh den dobharcheantar.	<p>Dréacht-Straitéis Chumarsáide forbartha, le leasú agus le comhdhlúthú.</p> <p>Iniúchadh ar asraonta meán sóisialta BOOCM.</p> <p>Oiliúint Twitter agus LinkedIn curtha ar fáil don fhoireann lárnach.</p>
3. A chinntiú go bhfuil rochtain ag an bpobal ar shonraí fíor-ama.	<p>Coinnítear an láithreán gréasáin cothrom le dáta 2018. Tá dualgas ar gach seirbhís / rannóg a chinntiú go bhfuil a gcuid sonraí cothrom le dáta trí nuashonruithe a sheoladh chuig TF tríd an Deasc Chabhrach. Nuashonraítear Scéim Foilseacháin um Shaoráil Faisnéise go rialta. Cuireadh Miontuairiscí BOO leis ó mhí Eanáir</p>

Spríoc Straitéiseach 3: Leathnóidh BOOCM a chumas eagraíochtúil a bheith solúbtha agus réamhghníomhach chun freagairt do riachtanais áitiúla agus náisiúnta.

Gníomhartha	Nuashonrú 2018
1. Dul i ngleic le straitéisí náisiúnta.	Freastalaíonn baill foirne ábhartha agus bíonn siad gníomhach i gcruinnithe náisiúnta - FORA BOO
2. Cumas inmheánach a fhorbairt chun seirbhísí a sheachadadh do ghníomhaireachtaí agus do chomhlachtaí oideachais eile	<p>Seirbhísí a sholáthar d'eagraíochtaí lasmuigh de shainchúram ginearálta an BOO, ar nós bunscoileanna agus meánscoileanna, TF do mheánscoileanna neamh-BOO.</p> <ul style="list-style-type: none"> Nuashonrú rialta ón Rannóg TF maidir le soláthar Seirbhísí TF i scoileanna Neamh-BOO. Gach scoil neamh-BOO ar tugadh cuairt uirthi, agus idirbheartaíocht déanta ar chonradh nua. An Rannóg Talún agus Foirgneamh ag soláthar seirbhís chomhairleach do bhunscoileanna a bhainistíonn síntí

	<ul style="list-style-type: none"> Seisiúin faisnéise GDPR curtha ar fáil d'institiúidí oideachais seachtracha
	Críochnaíodh obair ar phróiseas féidearthachta éagsúlachta / athchumraíochta. ROS chun é a fhoilsiú in 2019 d'fhonn an fhéidearthacht go mbeidh an BOO mar phátrún Scoileanna Náisiúnta Pobail.

Sprioc Straitéiseach 4: Éifeachtúlachtaí eagraíochtúla a uasmhéadú

Gníomhartha	Nuashonrú 2018
1. An úsáid is fearr is féidir a bhaint as bonneagar TFC.	<p>Oiliúint Sainiúil TF ar Shlándáil, comhlíonadh, SharePoint, OneDrive</p> <p>Ag baint úsáide as Microsoft Office 365 chun comhlíonadh a chinntiú maidir le slándáil phearsanta, lena n-áirítear athrú phasfhocal rialta agus fíordheimhnithe dhá fhachtóir a ghiaíil nuair atá rochtain á fáil acu ar scamall BOOCM ó lasmuigh den líonra corparáideach.</p>
2. Scrúdaigh gach oibríocht chun ionchur láimhe a laghdú.	Chuathas i gcomhairle le Cinn Rannóige chun príomhghníomhaíochtaí / oibríochtaí dlúthshaothair a aithint. Dréachtphlean le hullmhú in 2019, i gcomhairle le TF.
3. Déan athbhreithniú ar chórais / pacáistí atá in úsáid faoi láthair.	Clár de na ceadúnais bogearraí go léir curtha i gcrích. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar gach pacáiste agus a bhfeidhmiúlacht faoi seach, lena n-áirítear scoileanna.

Berni Power

Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta



CUID 3

7. Rialachas Corparáideach agus Airgeadas

7.1 RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Comhlíonann Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin an Cód Cleachtas um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, Ciorclán 0018/2015 na Roinne Oideachais agus Scileanna. Is é cuspóir an chóid a chinntiú go gcuireann BOOCM prionsabail an dea-rialachais agus na bainistíochta i bhfeidhm.

Bord Oideachais agus Oiliúna An Cabhán agus Mhuineacháin

Tá 21 ball ar Bhord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin agus tá sceideal foirmiúil feidhmeanna forchoimeáda dó féin. Tacaíonn reachtaíocht le feidhmeanna forchoimeáda agus áirítear leo beartais, pleanáil, monatóireacht agus glacadh na gcuntas / na tuarascála bliantúla. Faigheann an BOO tacaíocht ó Fheidhmeannas atá freagrach as pleananna a chur i bhfeidhm, bainistíocht laethúil agus feidhmeanna nach bhfuil forchoimeáda don BOO. Tá struchtúr eagraíochtúil i bhfeidhm le leibhéil údaráis agus struchtúir tuairiscithe atá sainithe go soiléir.

Ceanglaítear ar bhaill BOO agus ar bhaill foirne ainmnithe Nochtadh Leasanna bliantúla a sholáthar maidir le saincheistanna a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar fheidhmíocht na bhfeidhmeanna. Ina theannta sin, ghlac an BOOCM le Cód Iompair agus cuireadh é seo ar fáil do na baill agus don fhoireann ar fad.

Tagann an BOO le chéile gach dhá mhí, agus coinnítear clár tinrimh. Faigheann baill clár oibre agus páipéir roimh chruinnithe. Tá aon fhaisnéis bhreise a bhaineann le ról an BOO ar fáil go héasca. Déantar miontuairiscí a chothabháil agus a ghlacadh chun tacú le cruinnithe BOO.

Cuirtear lámhleabhair oiliúna ar fáil do chomhaltaí ina leagtar amach a bhfeidhmeanna agus a bhfreagrachtaí. Tá rochtain dhíreach ag baill ar an bPríomhfheidhmeannach. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm freisin do chomhaltaí, chun a ndualgais a chomhlíonadh, chun comhairle ghairmiúil a ghlacadh.


Fochoistí

Tá Fochoistí bunaithe ag BOOCM, a chuimsíonn comhaltaí BOO, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile. Ainmníonn an BOO cathaoirleach na bhFochoistí seo agus cuirtear téarmaí tagartha mionsonraithe ar fáil.

Tá **an Coiste Iniúcháireachta** freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an bhfeidhmeannas i gcomhlíonadh a fheidhmeanna agus soláthraíonn sé dearbhuithe don BOO maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na bpróiseas rialaithe inmheánaigh. Faigheann an Coiste Iniúcháireachta tuairiscí ón mbainistíocht agus an t-iniúchadh seachtrach agus inmheánach. Faigheann an BOO miontuairiscí cruinnithe ón gCoiste Iniúcháireachta agus tugann sé aird ar a thuarascáil maidir le ráiteas rialaithe inmheánaigh a ghlacadh agus na cuntais bhliantúla a cheadú.


Tá an **Coiste Airgeadais** freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar ioncam / caiteachas BOOCM, ar mhórchonarthaí agus ar ghnéithe airgeadais na bPleananna Oideachais agus Seirbhíse. Faigheann an BOO miontuairiscí an choiste airgeadais lena mbreithniú agus chun cabhrú le dearbhú a thabhairt go bhfuil na Pleananna Oideachais agus Seirbhíse á mbaint amach.

Áirítear leis na coistí eile a bhunaigh an BOO na **Boird Bhainistíochta Scoile**, an **Bord Bainistíochta Ógtheagmhála**, an **Coiste um Obair Ógra**, an **Bord Oideachais Aosaigh**, **Bord OETC Tanagh** agus **Bord Amharclann an Gharáiste**.



7.2 CEANNOIFIG/IONAD RIARACHÁIN

Tá an fheidhm Riaracháin lárnach d'oibríochtaí BOOCM. Tá an Phríomhoifig lonnaithe i Sráid an Mhargaidh, Muineachán agus tá an Fo-Oifig i bhFaiche Radharc na hEaglaise, An Cabhán. Seachadtar na feidhmeanna Riaracháin trí struchtúr cúig cholún, lena n-áirítear Acmhainní Daonna, Airgeadas, TF, Bainistíocht Caipitil agus Seirbhísí Corparáideacha. Déanann Cean Roinne a thuairisciú do Stiúrthóir OSD maoirseacht ar gach colún.



Tá an Príomhfheidhmeannach (CE) freagrach as bainistíocht feidhmiúcháin BOOCM agus tá freagracht fhoriomlán aige as feidhmíocht scoileanna agus ionad. Tá Príomhoidí, Stiúrthóirí, Bainisteoirí agus Comhordaitheoirí na scoileanna agus na n-ionad seo freagrach as a mbainistiú ó lá go lá.

8. Ráiteas an Chathaoirligh

Ráiteas an Chathaoirligh Bhord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin

faoi Alt 19.1 den Chód Cleachtais um Rialachas Bhoird Oideachais agus

Oiliúna

19.1(i) Forbairtí Suntasacha Airgeadais Eanáir– Nollaig 2018:

- **Tionscadail Tógála**
- Coláiste Dún an Rí gnóthú agus críochnú
- Críochnaíodh Coláiste Bhréifne le síneadh nua €9m agus bhog an scoil isteach sa chóiríocht nua seo i Meán Fómhair 2018
- Oibreacha Athchóirithe agus Uasghrádaithe ar San Mhaodhóg
- Cuntas Deiridh Choláiste Bhaile na Lorgan
- Tionscadal Rochtana (Inmheánach) Choláiste Chnoc na Feá

- **Troscán agus Trealamh Scaoilte**
- Dul Chun Cinn deanta ar Shíneadh Choláiste Bhréifne
- Dul Chun Cinn deanta ar Shíneadh Choláiste Bhaile na Lorgan
- Dul Chun Cinn deanta ar an Scoil Nua ag Coláiste Dún an Rí

- **agus an Teampaill Mhóir**
- €175,578 á riaradh le haghaidh Bounce Back South East le haghaidh seachadadh seirbhíse
- €130,094 Bounce Back West Chabháin le haghaidh seachadadh seirbhíse
- €36,832 do Thionscadal ISPCC Mhuineacháin
- €125,139 Seirbhísí Óige Include do Chluain Eois agus Béal Átha Beithe
- €45,372 do Scéimeanna Deontais Óige Áitiúla
- €33,524 do Mhaoiniú Caipitil Óige

19.1 (ii) Nósanna Imeachta Cuí

Tá na nósanna imeachta cuí go léir maidir le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, soláthar agus diúscairtí sócmhainní á ndéanamh;

19.1(iii) Córais um Rialú Inmheánach

Tá ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh san fhormáid atá leagtha amach in Aguisín XI den chód faoi cheangail;

19.1 (iv) Cód Iompair

Cuireadh na Cóid Iompair do Bhaill Foirne agus do Chomhaltaí an Bhoird i bhfeidhm agus cloíodh leo, chomh fada agus is eol don Bhord;

19.1 (v) Beartas ar Phá

Táthar ag cloí le beartas an Rialtais maidir le pá;

19.1 (vi) Imeachtaí Suntasacha tar éis an Chláir Chomhardaithe

Níl aon imeacht shuntasach tar éis an chláir chomhardaithe;

19.1 (vii) Caipiteal

Fuarthas cead i scríbhinn sular tabhaíodh caiteachas caipitil. Táthar ag cloí leis na Treoirínte maidir le Breithmheas agus Bainistiú na dTograí Caiteachais Chaipitiúil agus an Creat Bainistíochta Oibreacha Caipitiúla;

19.1 (viii) Diúscairt Talún/Maoine

Níor dhiúscair an Bord aon talamh/maoin;

19.1 (ix) Diúscairt Sócmhainní nó rochtain ar mhaoin nó ar bhonneagar a dheonú le haghaidh socruithe tráchtála le tríú páirtithe.

Níor dhiúscair an Bord aon shócmhainní nó rochtain ar mhaoin nó ar bhonneagar a dheonú le haghaidh socruithe tráchtála le tríú páirtithe.

19.1 (x) Léasanna

Faightear cead i scríbhinn ón Roinn Oideachais agus Scileanna sula ndéantar aon léasanna nua;

19.1 (xi) Oibleagáidí faoin dlí Cánach

Chomhlíon CMETB a oibleagáidí faoin dlí cánach;

19.1 (xii) Plean Soláthair Chorparáidigh

Tá rochtain ar shonraí / tuairisciú agus códú caighdeánaithe ina réamhriachtanas chun Plean Soláthair Chorparáidigh a tháirgeadh. Ag Leibhéal Náisiúnta, tá teimpléad plean chaighdeánaithe agus códú airgeadais earnála leagtha amach ag meitheal BOO i gcomhar le PRSU in BOOÉ agus ag an tSeirbhís Soláthair Oideachais i Ráithe 2 de 2018 agus Ráithe 1 de 2019 chun cabhrú le BOOanna aonair an Plean Soláthair Chorparáidigh a chomhlánú a dhéanfar riachtanais soláthair an Bhoird amach anseo a leagan amach. Tá ceardlanna an Phlean Soláthair Chorparáidigh pleanáilte do Ráithe 2 de 2019 agus beidh BOOCM tiomanta dóibh freastal orthu agus tabhairt faoin anailís riachtanach ar chaiteachas ar sholáthar agus ar na caighdeáin soláthair agus ceannaigh. Éascóidh an Plean Soláthair Chorparáidigh pleanáil BOOCM do riachtanais soláthair amach anseo tríd an bPlean Soláthair Ilbhliantúil 3 bliana (MAPP).

19.1 (xiii) Beartas Taistil

Táthar ag cloí le riachtanais bheartas taistil an Rialtais i ngach slí.

19.1 (xiii) Cód Cleachtais maidir le Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais (Ciorclán 0018/2015) agus tá sé ag cloí leis sin chun críocha na Ráiteas Airgeadais 2018 mar a mhol an Roinn Oideachais agus Scileanna.

D'fhaomh Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin leis an Ráiteas seo ag a chruinniú a tionóladh an 26 Márta 2019

Sínithe: Seamus Coyle

Cathaoirleach

Dáta: 26-03-19

8.1.Sonraí Thuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh

De réir na scálaí pá a d'fhaomh an Roinn Oideachais agus Scileanna íocadh leis an bPríomhfheidhmeannach sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 mar seo a leanas:

B'ionann an pacáiste luach saothair CE don bhliain agus:

Tuarastal Bunúsach	111,010
Eile	--
	111,010

Níor thug an CE faoi aon taisteal eachtrach chun críocha gnó BOO i rith na tréimhse.

Is ball é an Príomhfheidhmeannach de scéim neamh-mhaoinithe sochair phoiblí na hearnála poiblí agus ní sháraíonn na teidlíochtaí pinsin na teidlíochtaí caighdeánacha atá ar fáil faoin scéim.

8.2.Sonraí faoi Speansais Chomhaltaí

Íoctar speansais le comhaltaí Boird chun taisteal chuig cruinnithe a bhaineann leis an mBord.

Is mar seo a leanas na speansais chomhiomlána a íocadh le gach comhalta sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018:

COMHALTA AN BHOIRD	REACHTÚIL CRUINNITHE	AGALLAMH BOIRD	COMHDHÁLACHA/ SEIMINEÁIR	EILE	IOMLÁN	Líon na gcruinnithe a bhfreastal aíodh orthu
Aidan Campbell	€126.30			€43.89	€204.68	8/9
Carmel Brady	€315.77	€207.81		€149.60	€673.18	8/9
Cathy Bennett	€202.56			€88.68	€291.24	7/9
Clifford Kelly	€592.18	€469.20	€469.20	€1,033.57	€2,592.28	8/9
Colm Carthy	€739.73	€90.46	€343.83	€152.11	€1,326.13	8/9
Deirdre Kelly	€18.36				€18.36	1/9
Jacqui Lewis	€116.46			€120.93	€237.39	4/9
Joe McGrath	€1,215.45	€153.75	€1,856.85	€954.47	€4,180.52	8/9
June Donnery	€179.78	€172.99		€76.53	€429.30	8/9
Madeleine Argue	€497.37	€39.42			€536.79	9/9
Micheal Martin	€197.71	€17.39		€1,101.71	€1,316.81	7/9
Michelle Flynn	€526.91	€195.28		€69.40	€791.59	8/9
Paddy McDonald	€286.56		€387.27		€673.83	7/9
Paddy O'Reilly	€395.04				€395.04	7/9
PJ O'Hanlon	€191.71				€191.71	8/9
Sarah O'Reilly	€242.77	€82.42	€398.81		€724.00	7/9
Seamus Coyle	€347.85	€287.69	€282.39	€226.22	€1,144.15	7/9
Sean Fegan	€834.86	€1,011.32		€321.32	€2,167.50	8/9
Sean McKiernan	€559.04	€720.81	€1,042.42	€258.22	€2,580.49	8/9
Shane P. O'Reilly	€52.53				€52.53	2/9
Iomlán	€7,638.94	€3,448.54	€4,780.77	€4,596.65	€20,527.52	

8.3. Ráiteas an Chórais um Rialú Inmheánach

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Éilítear le hAlt 51 den Acht sin ar an BOO, i cibé foirm agus i cibé tréimhsí cuntasáíochta a cheadaítear ag an Aire Oideachais agus Scileanna le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais chuí is gnách ar airgead a fuarthas agus a chaitear.

Agus atá na cuntais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an mBord:

- (a) na polasaithe cuntasáíochta caighdeánacha a chur i bhfeidhm chun ráitis airgeadais BOO a ullmhú
- (b) breithiúnais agus meastacháin chuntasáíochta atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- (c) aon imeacht ábhartha ó na polasaithe caighdeánacha cuntasáíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil lena nochtar, le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais alt 51 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.

Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint, agus dá bhrí sin chun bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cathaoirleach:

Síniú: Seamus Coyle

Dáta: 08-05-2019

Ráiteas an Chórais um Rialú Inmheánach

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach

Mar a fhoráiltear faoi Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna 2013, tá BOO an Chabháin agus Mhuineacháin freagrach as athbhreithniú agus cinntiú a dhéanamh ar éifeachtacht chórais rialaithe inmheánaigh an BOO. Ghlac BOO an Chabháin agus Mhuineacháin go foirmiúil leis an gCód Cleachtas um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna an 23 Márta 2015. Bunaíodh na Coistí Iniúchta agus Airgeadais i Márta 2015.

Mar Chathaoirleach ar BOO an Chabháin agus Mhuineacháin, aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas rialaithe inmheánaigh éifeachtúil agus éifeachtach. Is é cuspóir an chórais sin a chinntiú go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad i dtréimhse thráthúil.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá bearta glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- Freagrachtaí bainistíochta agus foirne a shainiú go soiléir.
- Nósanna imeachta a bhunú chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Nósanna imeachta a bhunú chun gach riosca a aithint agus a mheas a d'fhéadfadh cosc a chur ar an BOO a chuspóirí a bhaint amach.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm ag BOO an Chabháin agus Mhuineacháin bunaithe ar:

- Nósanna imeachta riaracháin mionsonraithe
- Deighilt dualgais
- Údaruithe sonracha
- Seiceáil inmheánach
- Athbhreithniú míosúil bainistíochta ar thuarascálacha lena leagtar amach torthaí iarbhir agus buiséadaithe na gclár a fheidhmíonn an BOO.

Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh curtha ar an eolas leis na nithe seo a leanas:

- Obair an Choiste Iniúchta, lena ndéantar breithniú ar thuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí agus ar thuarascálacha an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (C & AG), agus a thuairiscíonn don bhord an bhfuil, i dtuairim an iniúchóra inmheánaigh, córais leordhóthanacha rialaithe inmheánacha i bhfeidhm.
- Príomhfheidhmeannach, atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais.

- Moltaí a rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile .

Soláthraíonn an tAonad Iniúchta Inmheánaigh - Boird Oideachais agus Oilíúna (AII-BOO) feidhm Iniúchta Inmheánaigh. Rinneadh an t-athbhreithniú iniúchta inmheánaigh is déanaí le linn 2017 agus cumhdaíodh TF. Is mar seo a leanas na rialuithe Córais TF agus Bainistíochta Líonra a chumhdaítear san iniúchadh seo:

- Leanúnachas Gnó / Pleanáil do Théarnamh tar éis Tubaiste
- Dearadh Gréasáin
- Socruithe do Théarnamh tar éis Tubaiste Seirbhísí TF Seachfhoinsithe
- Cúltaca agus Athchóiriú Córais TF
- Rialuithe Slándála Tairsí Líonra

Bunaithe ar an Tuarascáil Iniúchta, níl córas rialaithe inmheánaigh leordhóthanach ag BOOCM maidir leis na Córais TF agus Rialuithe Bainistíochta Líonra.

Tá roinnt moltaí á gcur chun cinn ag BOOCM ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta agus tá gá le hacmhainní breise chun moltaí eile a chur chun cinn.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Tá BOO an Chabháin agus Mhuineacháin tiomanta do chóras rialaithe inmheánach éifeachtúil, éifeachtach agus eacnamaíoch a oibriú. Dearbhaím go ndearna an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018. Áiríodh leis seo athbhreithniú mionsonraithe ar gach tuarascáil iniúchta inmheánaigh do BOOCM ó bunaíodh é chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar Leabhair Mhiontuairiscí an Bhoird, an Choiste Iniúchta agus an Choiste Airgeadais. Fuair an Coiste Iniúchta deimhniú ón bPríomhfheidhmeannach freisin go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh leordhóthanach agus oiriúnach chomh fada agus is féidir le réasún. Tá an dearbhú seo bunaithe ar dhearbhu a chuir bainisteoirí sinsearacha ar fáil.

Measann CMETB nár leor an leibhéal d'iniúchadh inmheánach a bhí ar fáil in 2018. Mar sin féin, táthar ag súil go gceartófar é seo in 2019.

Tá BOOCM tiomanta go hiomlán do chomhlíonadh le rialacháin agus treoirlínte soláthair AE agus náisiúnta. D'ainneoin sin, níl BOOCM in ann a chuid freagrachtaí go léir a chomhlíonadh faoi láthair maidir le rialacháin soláthair. Tá cásanna ann inar soláthraíodh earraí agus seirbhísí go háitiúil ag teacht le beartas soláthair BOOCM ach tá an luach carnach sna suíomhanna go léir níos mó ná an tairseach tairisceana náisiúnta.

In 2018, b'ionann an réimse neamhchomhlíonta agus:

- B'ionann agus thart ar € 247,000 na ceannacháin nach ndearnadh aon tairiscint náisiúnta ina leith. Ba iad na réimsí sonracha seo ná fruilíú bus, soláthairtí miotail, soláthairtí

ceaintín, comhaontuithe cothabhála, diúscairt dramháola agus trealamh oideachais allamuigh.

Seo a leanas stádas na dtairiscintí le haghaidh trí cinn díobh seo a leanas:

Earra a Ceannaíodh	Dáta Tairisceana Foilsithe	Dáta le tairiscintí comhlánaithe a chur ar ais	Dáta ionchais a bhronnfar é
Fruiliú Bus	Tairiscint Earnála - is réimse tosaíochta é seo do BOOCM agus táthar ag súil go mbeidh muid san áireamh sa chéad tráinse do 2019		
Soláthairtí Miotail	31.01.2019	21.02.2019	08.03.2019
Soláthairtí Ceaintín	19.12.2018	28.01.2019	25.02.2019

- Dhéileáil BOOCM le soláthar fruiliú bus, soláthairtí miotail agus soláthairtí ceaintín. Tá BOOCM ag tabhairt tosaíochta do chomhaontuithe cothabhála, diúscairt dramháola agus trealamh oideachais allamuigh le haghaidh soláthair agus táthar ag súil le tairiscintí a chur i gcrích i 2019. I bhfianaise nádúr na heagraíochta agus méid an chaiteachais faoi chatagóirí agus faoi cheannteidil éagsúla, is dúshlán é comhlíonadh iomlán agus beidh sé fós ina dhúshlán. Leanfaidh BOOCM ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar gach réimse caiteachais agus tairisceana maidir le hearraí agus seirbhísí de réir mar is gá.

Sínithe: Seamus Coyle

Dáta: 08-05-2019

Seamus Coyle

Cathaoirleach

BOO an Chabháin agus Mhuineacháin

9. Tuarascáil Airgeadais - Cuntais neamhiniúchta do 2018

Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2018

Gníomhaíochtaí agus Costais Phá

1 Príomhghníomhaíocht

Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin oideachas agus oiliúint ar fáil ar fud chontaetha an Chabháin agus Mhuineacháin mar atá leagtha amach thíos:

Seirbhís	Líon na Suíomhanna	Líon na Rannpháirtithe *	Líon na dTairbhíthe ***
Dara Leibhéal & Iar-Ardteistiméireacht	13	5568**	-
Breisoideachas	34	-	7,276
Oiliúint	22	-	975
Ranganna Oíche / Páirtaimseartha	1	-	855

* Bunaithe ar Bhliain Acadúil 2018/2019 Clárú

** Duine a fhreastalaíonn ar chlár struchtúrtha lánaimseartha nó páirtaimseartha arna sholáthar ag BOO an Chabháin agus Mhuineacháin

*** Duine a bhaineann leas as seirbhís a sholáthraíonn BOO an Chabháin agus Mhuineacháin

2 Seirbhísí Eile

Feidhmíonn an Bord mar Ghníomhaire freisin agus ritheann sé Tionscadail Féinmhaoinithe.

Is éard atá i gceist le hobair na Gníomhaireachta ná clár a reáchtáil thar ceann eagraíochta nó mac léinn eile, de réir critéar comhaontaithe agus aisíoctar a chostas leis an mBord.

Is éard atá i gceist le Tionscadail Féinmhaoinithe ná cláir atá á rialú go hiomlán ag an mBord don Bhord nó d'eagraíochtaí eile.

3 Costais Phá

Is é an pá an príomhchostas don Bhord agus léiríonn an tábla seo a leanas na raonta pá agus líon na bhfostaithe i ngach raon:

Raon pá *	Líon na bhFostaithe	Costas in 2018
		€
0 - 59,999	934	20,991,835
60,000 - 69,999	166	10,799,620
70,000 - 79,999	100	7,460,703
80,000 - 89,999	29	2,412,151
90,000 - 99,999	14	1,336,708
100,000 - 109,999	7	718,854
110,000 - 119,999	4	454,201
120,000 - 129,999	1	121,458
130,000 - 139,999	2	263,780
140,000 - 149,999	-	-
150,000 - 159,999	1	150,218
Iomlán:	1258	44,709,528

* Áirítear le raonta pá ÁSPC fostóirí.

Ní dhéanann an BOO ranníocaíochtaí pinsin i leith fostaithe

I gcomhréir leis na Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, rinne an BOO Asbhaintí a Bhaineann le Pinsean ó fhostaithe arbh ionann iad agus € **1,739,155.17** a cuireadh ar ais chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Tuisle.

Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2018

Bunú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus na bPolasaithe Cuntasaíochta

1 Bunú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin an 1 Iúil 2013 agus tá a chuid feidhmeanna leagtha amach in alt 10 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.

2 Polasaithe Cuntasaíochta Suntasacha

(a) Bunús na Tíolachta

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair san fhoirm atá faofa ag an Aire Oideachais agus Scileanna le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuimsítear leo Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta, Ráiteas Oibriúcháin, Ráiteas faoi Shócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha agus nótaí leis na ráitis airgeadais.

Nuair is gá, tá na figiúirí comparáideacha don bhliain roimhe athluaite ar na boinn chéanna leis na boinn don bhliain reatha.

(b) Bunús an Ullmhúcháin

Sa Ráiteas Oibriúcháin Fáltais agus Íocaíochtaí i nGrúpáil Cláir cuirtear i láthair agus déantar an Barrachas / (Easnamh) Airgid mar thoradh air a choigeartú do ghluaiseachtaí féichiúnaithe agus creidiúnaithe eile chun toradh foriomlán na tréimhse a chinneadh ar bhonn fabhráithe.

Ullmhaítear an Ráiteas faoi Shócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha ar an mbonn fabhráithe trí iarmhéideanna deontais stáit agus comhardaitheoirí eile a chinneadh ag méideanna a léiríonn an caiteachas gaolmhar a tabhaíodh de réir na rialacha maoinithe.

Tá Féichiúnaithe Tríú Páirtí san áireamh i Sócmhainní Reatha. Tá Dliteanais Phá agus Chostais san áireamh i nDliteanais Reatha.

(c) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Tá na sócmhainní go léir a cheannaítear lena n-áirítear talamh agus foirgnimh, daingneáin agus feistis agus trealamh oiliúna íochta i mbliain an cheannaigh. Aithnítear deontais stáit chun ceannach sócmhainní inláimhsithe seasta a mhaoiniú sa bhliain chéanna.

(d) Stoic

Gearrtar gach stoc inchaite de réir mar a ceannaíodh iad.

(e) Aoisliúntas

Bronntar teidlíochtaí pinsin fhoireann BOO, iad siúd a d'aistrigh ó SOLAS san áireamh, faoi scéimeanna sochair shainithe.

Coinníonn an BOO asbhaintí aoisliúntais a dhéantar as pá fostaithe maidir leis na scéimeanna mar chuid de mhaoiniú comhaontaithe ón Státchiste, nó íoctar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe iad. Íoctar aoisliúntas faoin Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair.

Ní dhéanann an BOO aon ranníocaíochtaí i leith na scéimeanna.

Feidhmítear na scéimeanna neamh-mhaoinithe seo ar bhonn íoc mar a úsáidtear agus íocann Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte na teidlíochtaí pinsin bliantúla thar ceann an BOO. Tá BOO freagrach as a bpinsin a riaradh. Cuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna cistí pinsin ar fáil.

Ní dhearnadh soláthar sna ráitis airgeadais do chostas reatha na sochar todhchaí a fabhraíodh do bhaill foirne agus do phinsinéirí reatha faoi na scéimeanna seo.

(f) Cíosanna Léasa

Gearrtar gach cíos léasa de réir mar a thabhaítear iad.

Ráiteas Oibriúcháin don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2018

	Nóta	Bliain dar críoch 31/12/2018 €	Bliain dar críoch 31/12/2017 €
FÁLTAIS			
Deontais Iar-bhunscoile & Ceann-Oifige	1	40,349,596	37,204,757
Deontais Breisoideachais agus Oiliúna	2	16,403,196	16,654,875
Deontais Sheirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn	3	-	3,000
Deontais Sheirbhísí Óige	4	714,825	1,005,696
Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe	5	5,601,361	4,979,690
Deontais Chaipitil	6	4,190,662	15,315,371
		67,259,640	75,163,389
ÍOCAÍOCHTAÍ			
Iarbhunscoileanna & An Phríomhoifig	7	40,307,059	37,574,205
Breisoideachas agus Oiliúint	8	15,909,480	16,408,425
Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn	9	21,948	12,968
Seirbhísí Óige	10	838,148	883,043
Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe	5	5,822,687	5,263,818
Caipiteal	6	4,278,630	15,695,272
		67,177,953	75,837,731
Barrachas / (easnamh) airgid thirim don bhliain		81,687	(674,342)
Gluaiseacht i nglan-sócmhainní reatha eile	21	(120,288)	627,092

Barrachas / (Easnamh) ioncaim charnaigh don Bhliain	(38,600)	(47,250)
Barrachas/(easnamh) ioncaim amhail an 1 Eanáir	(1,637,580)	(1,590,330)
Barrachas/(easnamh) ioncaim amhail an 31 Nollaig	(1,676,180)	(1,637,580)

Sínte: Seamus Coyle
Cathaoirleach

Sínte: John Kearney
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 08-05-2019

Dáta: 08/05/2019

Tá na nótaí ar leathanaigh 10 go 26 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo

**Ráiteas maidir le Sócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha amhail
an 31 Nollaig 2018**

	Nóta	31/12/2018	31/12/2017
		€	€
Sócmhainní Reatha			
Deontais Stáit Athfhillteacha	13	1,490,050	1,286,106
Deontais Stáit Caipitil	14	-	370,274
Ioncam Athfhillteach Eile	15	649,956	219,892
Féichiúnaithe Thríú Páirtí	16	877	10,792
Iarmhéid Bainc		3,762,397	3,680,708
		5,903,280	5,567,772
Dliteanais Reatha			
Deontais Stáit Athfhillteacha	17	1,619,700	1,757,073
Deontais Stáit Caipitil	18	794,119	919,402
Ioncam Athfhillteach Eile	19	1,864,418	999,980
Dliteanais Phá & Costais	20	3,301,223	3,528,897
		7,579,460	7,205,352
Glan-Sócmhainní / (Dliteanais) Reatha		(1,676,180)	(1,637,580)
Ionadaithe ag			
Barrachas / (easnamh) ioncaim		(1,676,180)	(1,637,580)

Anailís ar bharrachas/(easnamh) ioncaim	Barrachas / (Easnamh) Coinnithe		
	Barrachas / (Easnamh) Coinnithe 31/12/2018	Barrachas / (Easnamh) Coinnithe Do 2018	Barrachas / (Easnamh) Coinnithe 31/12/2017
Clár	€	€	€
Scoileanna & An Phríomhoifig	(1,765,178)	171,400	(1,936,578)
Clár / Cláir Breisoideachais	(21,002)	-	(21,002)
Cláir Féinmhaoinithe	110,000	(210,000)	320,000
	(1,676,180)	(38,600)	(1,637,580)

Sínte: Seamus Coyle

Sínte: John Kearney

Cathaoirleach

Príomhfheidhmeannach

Dáta: 08.05.2019

Dáta: 08/05/2019

Tá na nótaí ar leathanaigh 10 go 26 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo

10. Tuarascáil Bhliantúil ar Nochtadh Cosanta

Bord Oideachais agus Oiliúna An Cabhán agus Mhuineacháin

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Tháinig an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 i bhfeidhm an 15 Iúil 2014.

Leis an Acht seo, soláthraítear creat inar féidir le hoibrithe ábhair inní a ardú maidir le éagóir a d'fhéadfadh teacht chun cinn san ionad oibre a bhfuil siad ar an eolas faoi ionas gur féidir leo leas a bhaint as cosaintí suntasacha agus eile má ghearrann a bhfostóir pionós orthu nó má fhulaingíonn siad ó dhochar toisc go ndearnadh siad a leithéid.

Tá beartas curtha i bhfeidhm ag Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin (BOOCM), a spreagfaidh oibrithe, in éineacht leis an reachtaíocht, chun éagóir a thuairisciú agus iad ar an eolas go nglacfar a n-inní go dáiríre agus go ndéanfar imscrúdú orthu, nuair is cuí, agus go n-uuramófar a gcuid rúndachta.

Leagtar béim sa bheartas gur cuí i gcónaí ábhair inní a ardú nuair a bhíonn siad bunaithe ar chreideamh réasúnach, is cuma an sainaithnítear nó nach sainaithnítear aon éagóir ina dhiaidh sin. Sa bheartas, tugtar treoir freisin d'oibrithe maidir le conas ábhair inní a ardú

Baineann an beartas seo le gach oibrí BOOCM lena n-áirítear conraitheoirí, sainchomhairleoirí, foireann ghníomhaireachta, iarfhostaithe agus intéirigh/oiliúnaithe.

De réir fhorálacha an Achta um Nochtadh faoi Chosaint 2014, tá Fiona Nugent ceaptha ag BOOCM chun nochtadh cosanta a fháil. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an oifigeach ainmnithe ar an teileafón ag 047 30888, trí ríomhphost ag fionanugent@BOOCM.ie nó tríd an bpost ag BOO an Chabháin agus Mhuineacháin, an tIonad Riaracháin, Sráid an Mhargaidh, Muineachán, H18 W449.

Tuarascáil Bhliantúil um Nochtadh Cosanta 2018

Tuarascáil bhliantúil Bhord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin mar a cheanglaítear le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

De bhun an cheanglais seo, deimhníonn BOOCM leis seo go bhfuarthas tuarascáil amháin (1) faoin Acht um Nochtadh Cosanta i rith 2018.

Rinneadh measúnú tosaigh, agus measadh nár tháinig an nochtadh faoin reachtaíocht um Nochtadh Cosanta. Ina dhiaidh sin rinneadh athbhreithniú seachtrach ar an measúnú seo agus measadh gur nochtadh cosanta é an nochtadh de réir bhrí na reachtaíochta. Fuarthas seirbhísí imscrúdaithe sheachtraigh ag baint úsáide as an gCreat OGP agus tá an t-imscrúdú le tosú an 06 Márta 2019.

AGUISÍN 1

Sonraí Teagmhála

SCOILEANNA AN CHABHÁIN

Ainm na scoile	Coláiste Mhaodhóg
Seoladh	An Bábhún Buí, Contae an Chabháin
Teileafón	049 9523112 / 049 9523156
Ríomhphost	info@stmoguescollege.ie
Príomhoide	Anne Conaghan
Leas-Phríomhoide	Cormac Flynn
Ainm na scoile	Coláiste Bhricín
Seoladh	Béal Tairbirt Contae an Chabháin
Teileafón	049 9522170
Ríomhphost	info@stbricinscollege.ie
Príomhoide	Mary Sheridan
Leas-Phríomhoide	James Sherry
Ainm na scoile	Coláiste Bhréifne
Seoladh	Bóthar na Coilleadh Contae an Chabháin
Teileafón	049 4331735 / 049 4331790
Ríomhphost	info@breifnecollege.ie
Príomhoide	John Crotty
Leas-Phríomhoide	Tara Mullan
Ainm na scoile	Coláiste Dún an Rí
Seoladh	Dún an Rí Contae an Chabháin
Teileafón	042 9698294
Ríomhphost	info@dunanricollege.ie
Príomhoide	Fergal Boyle
Leas-Phríomhoide	Thomas McCormick
Ainm na scoile	Coláiste Achadh an Lúir
Seoladh	Achadh an Lúir Contae an Chabháin
Teileafón	049 8547050
Ríomhphost	info@virginiacollege.ie
Príomhoide	Niall Lynch
Leas-Phríomhoide	Seamus Greene

SCOILEANNA MHUINEACHÁIN

Ainm na scoile	Coláiste Pobail Bhéal Átha Beithe
Seoladh	Béal Átha Beithe Co Mhuineacháin
Teileafón	042 974 1093
Ríomhphost	info@ballybaycc.ie
Príomhoide	Moya Lynch
Leas-Phríomhoide	Conal Ó Grianna
Ainm na scoile	Coláiste Chnoc na Feá
Seoladh	Cnoc na Feá Muineachán Co Mhuineacháin
Teileafón	047 81200
Ríomhphost	info@bhc.ie
Príomhoide	Patrick McArdle
Leas-Phríomhoide	Siobhán Sheerin
Ainm na scoile	Coláiste Bhaile na Lorgan
Seoladh	Bóthar Bhaile Átha Cliath, Baile na Lorgan Co Mhuineacháin
Teileafón	042 974 0066
Ríomhphost	info@cblayneycollege.com
Príomhoide	Niall McVeigh
Leas-Phríomhoide	Frances King
Ainm na scoile	Coláiste Oiriall
Seoladh	Cnoc an Chonnaidh Bóthar Ard Mhacha Muineachán
Teileafón	047 72344
Ríomhphost	eolas@oiriall.ie
Príomhoide	Brendán O'Dufaigh
Leas-Phríomhoide	Annette Ní Thuathail
Ainm na scoile	Coláiste Inbhir
Seoladh	Carraig Mhachaire Rois Co Mhuineacháin
Teileafón	042 966 1282
Ríomhphost	info@invercollege.ie
Príomhoide (Gníomhach)	Eileen O'Rourke(Gníomhach)
Leas-Phríomhoide	Corona Farrell

Ainm na scoile	Coláiste na Leargadh (i gcomhar le Deoise Chlochair)
Seoladh	Bóthar Áth an Lobhair Cluain Eois Co Mhuineacháin
Teileafón	047 51132
Ríomhphost	info@largy.ie
Príomhoide	Sharon Magennis
Leas-Phríomhoide	Michael Killen

BREISOIDEACHAS AGUS OILIÚINT

Ainm	Institiúid an Chabháin
Seoladh	Bóthar na hArdeaglaise An Cabhán
Teileafón	049 433 2633
Ríomhphost	info@cavaninstitute.ie
Stiúrthóir	Ann Marie Lacey
Leas-Stiúrthóir	Gerry McKenny Karen Fitzpatrick Louise Clarke
Ainm	Institiúid Mhuineacháin
Seoladh	Campas Oideachais Mhuineacháin Cnoc an Chonnaidh Co Mhuineacháin
Teileafón	047 84900
Ríomhphost	info@monaghaninstitute.ie
Stiúrthóir	An Dr Fiona McGrath
Leas-Stiúrthóir	Rynagh McNally

Ionaid ÓGTHEAGMHÁLA

Ainm an Ionaid	Ógtheagmháil Charraig Mhachaire Rois
Seoladh	Halla an Teaghlaigh Naofa Carraig Mhachaire Rois Co Mhuineacháin
Teileafón	042 9673906
Ríomhphost	info@carrickmacrossyouthreach.ie
Comhordaitheoir	Bernadette Duffy
Ainm an Ionaid	Ógtheagmháil Bhaile na Lorgan
Seoladh	Páirc Ghnó Radharc an Locha Baile na Lorgan Co Mhuineacháin
Teileafón	042 974 9516
Ríomhphost	davidmccadam@cmetb.ie
Comhordaitheoir	David McAdam

Ainm an Ionaid	Ógtheagmháil an Chabháin
Seoladh	Eochail An Cabhán Co. An Chabháin
Teileafón	049 4361573
Ríomhphost	cavanyouthreach@cmetb.ie
Comhordaitheoir	Sabrina McEntee
Ainm an Ionaid	Ógtheagmháil Mhuinchille
Seoladh	Muinchille Co. an Chabháin
Teileafón	049 5552561
Ríomhphost	MikeDurkan@cmetb.ie
Comhordaitheoir	Mike Durkan
Ainm an Ionaid	Ógtheagmháil Dhún an Rí
Seoladh	An Phríomhshráid Íochtarach Dún an Rí Co. an Chabháin
Teileafón	042 9668248
Ríomhphost	michaelmurphy@cmetb.ie
Comhordaitheoir	Michael Murphy
Ainm an Ionaid	Ógtheagmháil Mhuineacháin
Seoladh	Cnoc an Chonnaidh Co Mhuineacháin
Teileafón	047 83554
Ríomhphost	info@monaghanyouthreach.ie
Comhordaitheoir	Niall McCann

Ionaid Eile

Ainm an Ionaid	Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Tanagh
Seoladh	Dartraí trí Mhuinchille Co Mhuineacháin
Teileafón	049 555 2988
Ríomhphost	info@tanaghoutdooreducation.com
Bainisteoir	Michelle Forester
Ainm an Ionaid	Amharclann an Gharáiste
Seoladh	Campas Oideachais Mhuineacháin Bóthar Ard Mhacha, Muineachán, Co Mhuineacháin
Teileafón	047 81597
Ríomhphost	info@garagetheatre.com
Bainisteoir Oibríochtaí	Cathy Bennett
Stiúrthóir Ealaíne	Eileen Costello

Ionaid Riaracháin

	Oifig Mhuineacháin (Ceannoifig)	Oifig an Chabháin
Seoladh:	Ionad Riaracháin BOOCM Sráid an Mhargaidh Muineachán H18 W449	Ionad Riaracháin BOOCM Faiche Radharc na hEaglaise An Cabhán H12 A252
Teileafón:	047 30888	049 433 1044
Ríomhphost:	info@cmetb.ie	info@cmetb.ie
Láithreán Gréasáin: www.cmetb.ie		